CINNEADH (AE) 2021/838 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Bealtaine 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i bhFochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le bunú liosta saineolaithe ar féidir iad a roghnú mar chomhaltaí Ghrúpa Saineolaithe faoi Airteagal 301 den Chomhaontú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú") i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) De bhun Airteagal 301(3) den Chomhaontú, comhaontóidh na Páirtithe ar liosta de 15 dhuine ar a laghad a bhfuil saineolas acu maidir leis na saincheisteanna a chumhdaítear le Caibidil 13 de Theideal IV den Chomhaontú ("Caibidil 13"), daoine ar féidir iad a roghnú ina gcomhaltaí de Ghrúpa Saineolaithe chun aon abhár a eascraíonn faoi Airteagal 13 nach ndírítear go sásúil orthu trí chomhairliúcháin rialatais a scrúdú.

(3) Chuir páirtí an Aontais Eorpaigh ainm cúigear saineolaithe chun cinn, agus sholáthair an Páirtí Úcránach ainm triúr saineolaithe. Tá gealltanas tugtha ag an Úcráin ainm beirt saineolaithe eile a sholáthar roimh an 31 Nollaig 2021. Chomhaontaigh na Páirtithe ar an gcúigear saineolaithe nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a d'fhéadfadh feidhmiú mar Chathaoirleach ar an nGrúpa.

(4) Chun éifeachtacht fhorálacha Chaibidil 13 a áirithiú, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhFochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine a bhunú maidir le bunú liosta saineolaithe ar féidir iad a roghnú ina gcomhaltaí de Ghrúpa Saineolaithe faoi Airteagal 301 den Chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, san Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le bunú liosta saineolaithe ar féidir iad roghnú mar chomhaltaí Ghrúpa Saineolaithe faoi Airteagal 301 den Chomhaontú, beidh sé bunaithe ar dhréachtchinneadh ó Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine ([2]).

([1]) IO L 161, 29.5.2014, lch. 3.
([2]) Féach doiciméid ST 7733/2021 ar http://register.consilium.europa.eu

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Bealtaine 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES